Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Nollaig 2018**
**(OR. en)**

**15028/18**

**MAMA 207**
**CFSP/PESC 1141**
**RELEX 1038**
**LIBYE 3**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15025/18 MAMA 206 CFSP/PESC 1140 RELEX 1037 LIBYE 2 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Libia<br>- Conclúidí ón gComhairle (10 Nollaig 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn atá i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Libia, a ghlac an Chomhairle ag an 3662ú cruinniú a bhí aici, ar an 10 Nollaig 2018.

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN LIBIA

**An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, 10 Nollaig 2018**

1. Meabhraíonn an tAontas Eorpach (AE) na conclúidí roimhe seo ón gComhairle maidir leis an Libia agus is díol sásaimh dó an toradh a bhí ar an gComhdháil maidir leis an Libia a d'óstáil an Iodáil in Palermo ar an 12 agus an 13 Samhain 2018, agus a lean leis an obair a rinneadh ag Comhdháil Pháras a bhí ar siúl ar an 29 Bealtaine 2018. In Palermo, chuir ceannairí na Libia agus an comhphobal idirnáisiúnta in iúl go dtacaíonn siad go hiomlán le hiarrachtaí leanúnacha na Náisiún Aontaithe (NA) chun próiseas polaitiúil, as a mbeadh an Libia féin freagrach, a bhaint amach, lena n-áirítear an Plean Gníomhaíochta athchalabraithe a chuir Ionadaí Speisialta Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, Ghassan Salamé, i láthair do Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 8 Samhain.

2. Is foinse fhorleathan éagobhsaíochta agus éiginnteachta é an *status quo* do mhuintir na Libia, dá comharsana agus don réigiún ar fad. Athdhearbhaíonn an tAontas gur le réiteach polaitiúil amháin a thiocfar slán ón ngéarchéim sa Libia agus nach mór don réiteach sin a theacht ó mhuintir na Libia féin trí phróiseas polaitiúil cuimsitheach, agus rannpháirteachas agus ionadaíocht iomlán agus chomhionann a bheith ag mná, agus lánurraim á tabhairt don dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear cearta an duine.

3. Tabharfaidh an tAontas gona Bhallstáit a dtacaíocht iomlán don Phlean Gníomhaíochta athchalabraithe agus tacóidh siad go gníomhach le trí shraith an phlean – idir pholaitiúil, shlándála agus eacnamaíoch – i gcomhréir lena gcur chuige comhleanúnach cuimsitheach fadtéarmach tacú leis an bpróiseas atá faoi stiúir na Náisiún Aontaithe i dtreo an aistrithe agus an athmhuintearais. Agus an géarghá atá ann teacht slán as an tsáinn pholaitiúil, iarrann an tAontas ar ghníomhaithe uile na Libia, go háirithe i dTeach na nIonadaithe agus in Ard-Chomhairle Stáit, comhoibriú ar bhealach cuiditheach leis an Rialtas Comhaontaithe Náisiúnta chun na cuspóirí a comhaontaíodh in Palermo a bhaint amach, lena n-áirítear an Chomhdháil Náisiúnta a reáchtáil sa Libia go luath in 2019, chun dul chun cinn a dhéanamh ar an gcreat bunreachtúil agus reachtaíochta atá de dhíth agus chun na próisis bhunreachtúla agus thoghchánacha a thabhairt chun críche faoi earrach na bliana 2019. Meabhraíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta cabhrú le pobal na Libia ullmhú i gcomhair toghchán trí thacaíocht a thabhairt don Ardchoimisiún Náisiúnta Toghchán agus is díol sásaimh dó na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun toghcháin bhardasacha a reáchtáil. Iad siúd go léir a bhaineann an bonn ón bpróiseas polaitiúil nó a bhagraíonn cobhsaíocht na Libia, tabharfar chun cuntasachta iad. Faoi réir forbairtí breise, tá an tAontas réidh chun a mhachnamh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm smachtbhannaí breise.

4. Tá sé riachtanach aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an tslándáil i dTripilí agus ar fud na tíre chun institiúidí ceannasacha na Libia a chosaint agus bogadh ar aghaidh leis an aistriú polaitiúil. Tathantaíonn an tAontas gona Bhallstáit ar na páirtithe uile féachaint leis na socruithe slándála nua a chur chun feidhme go hiomlán, lena n-áirítear tríd an Lárionad Oibríochtaí Comhpháirteacha, agus fórsaí rialta airm agus póilíneachta a bhunú. Tathantaíonn an tAontas ar phobal na Libia comhaontú cuimsitheach a thabhairt i gcrích maidir leis na fórsaí armtha faoi údarás sibhialta a aontú, faoi chuimsiú Idirphlé Chaireo. Meabhraíonn an tAontas an obair a dhéanann Cill Idirchaidrimh agus Pleanála agus misin CBSC an Aontais, is iad sin Misean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh maidir leis an Libia agus EUNAVFOR MED Oibríocht SOPHIA. Leanfaidh an tAontas de bheith ag cabhrú le muintir na Libia acmhainneacht na n-institiúidí slándála a atreisiú faoi chomhordú atá faoi stiúir na Náisiún Aontaithe. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin slándála, cuideofar leis an gcomhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta, agus cabhrófar le feabhas a chur ar an staid maidir le cearta an duine.

5. Tá géarghá le hathchóirithe fioscacha, lena n-áirítear an t-athchóiriú um fhóirdheontais agus um an mbille pá, mar aon le bearta frith-éillithe chun beartas eacnamaíoch comhsheasmhach a áirithiú. Tá athaontú mear na n-institiúidí náisiúnta, go háirithe an Banc Ceannais agus an Chorparáid Náisiúnta Ola, agus athbhreithniú airgeadais ar na hinstitiúidí airgeadais ríthábhachtach le haghaidh dháileadh cóir, trédhearcach, cuntasach agus inbhuanaithe na n-acmhainní náisiúnta chun tairbhe mhuintir uile na Libia. Tathantaíonn an tAontas ar na hinstitiúidí ábhartha uile, lena n-áirítear an Rialtas Comhaontaithe Náisiúnta agus an Banc Ceannais, na hathchóirithe eacnamaíocha a chur chun cinn mar ábhar práinne, agus tá sé réidh chun tacú leis na hiarrachtaí sin i gcomhar le hinstitiúidí airgeadais iltaobhacha.

6. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do chobhsaíocht na Libia de mheon Chomhdháil Pháras agus Chomhdháil Palermo. Tá comhordú leis an Libia agus leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta faoin bpróiseas atá faoi stiúir na Náisiún Aontaithe ríthábhachtach i gcónaí chun go ndéanfar obair éifeachtach le chéile. Tá imní ar an Aontas agus a Bhallstáit i gcónaí faoin sárú leanúnach ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus ar chearta an duine, lena n-áirítear foréigean gnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe. Leanfaidh an tAontas gona Bhallstáit de chúnamh daonnúil a chur ar fáil dóibh siúd atá i ngátar, agus de chabhrú le muintir na Libia trí chláir chomhair dá gcuid i raon leathan réimsí, lena n-áirítear rialachas, forbairt eacnamaíoch, sláinte, an óige agus an t-oideachas, an tsochaí shibhialta, slándáil agus idirghabháil, agus de bheith ag cur le cumas institiúideach na Libia.

7. Leanfaidh an tAontas de bheith ag cuidiú le muintir na Libia aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na himirce, go háirithe an méid seo a leanas: an smuigleáil agus an gháinneáil ar dhaoine a chomhrac; tacú le hathléimneacht agus cobhsaíocht na bpobal óstach; cás agus cosaint na n-imirceach agus na dteifeach a fheabhsú; cuidiú lena áirithiú go mbeidh teacht ag gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe agus ag eagraíochtaí eile cabhrach ar imircigh agus ar dhaoine a bhfuil cosaint de dhíth orthu; teacht ar réiteach maidir le córas na n-ionad coinneála atá i bhfeidhm faoi láthair; agus bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar na teorainneacha, lena n-áirítear i ndeisceart na Libia. Is díol sásaimh don Aontas Eorpach an dul chun cinn atá déanta go dtí seo faoi chuimsiú an Tascfhórsa Thríthaobhaigh idir an tAontas Afracach, an tAontas Eorpach, agus na Náisiúin Aontaithe, lenar ceadaíodh fillteacha deonacha cuidithe na n-imirceach ar a dtíortha tionscnaimh. Is díol sásaimh don Aontas freisin an comhar i measc na bpáirtithe leasmhara i ndáil le haslonnú na ndaoine sin a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu d'fhonn iad a athlonnú agus iarrann sé ar na Ballstáit tuilleadh iarrachtaí deonacha athlonnaithe a dhéanamh.

8. Tá an tAontas i gcónaí iomlán tiomanta do thacaíocht a thabhairt don phróiseas idirghabhála atá faoi stiúir na Náisiún Aontaithe agus d'iarrachtaí an Ionadaí Speisialta agus d'obair UNSMIL. Leanfaidh sé de bheith ag seasamh le muintir na Libia san fhadtéarma chun cuidiú leo an chobhsaíocht, an tslándáil agus an tsíocháin a bhaint amach.